Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14412/25**

**FIN 1243**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Piotr SERAFIN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 23 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Mr Nicolai WAMMEN, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | BUDGET DEC(2025) 19 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2025 i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025 i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad BUDGET DEC(2025) 19.

---

Faoi iamh: BUDGET DEC(2025) 19

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL,
23/10/2025

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2025
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 08, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 19/2025**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 3002 Cúlchistí le haghaidh caiteachas oibríochtúil

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 30 02 02 Leithreasuithe difreáilte | Gealltanais | -1 161 000,00 |
| | Íocaíochtaí | -866 000,00 |

## GO DTÍ

**CAIBIDIL -** 0805 Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 08 05 01 Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha | Gealltanais | 1 161 000,00 |
| | Íocaíochtaí | 866 000,00 |

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**30 02 02 - Leithreasuithe difreáilte**

### b) Figiúirí an 07/10/2025

| | Gealltanais | Íocaíochta |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 163 415 723,00 | 3 144 741 723,0 |
| 2 Aistrithe | -95 605 857,00 | -3 095 105 857,0 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 67 809 866,00 | 49 635 866,0 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,0 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **67 809 866,00** | **49 635 866,0** |
| **6 An laghdú a mholtar** | **1 161 000,00** | **866 000,0** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **66 648 866,00** | **48 769 866,0** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 0,71 % | 0,03 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíocht |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0, |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 07/10/2025 | 0,00 | 0, |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhaintea |

### d) Forais mhionsonraithe don laghdú

I gcomhréir le pointe 20 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó chun comhaontuithe iascaigh a athnuachan, ar comhaontuithe iad a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann, is méideanna iad a áireofar i gcúlchiste.

Tá sé beartaithe suim EUR 1,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 0,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ón gcúlchiste sin chuig líne buiséid oibríochtúil 08 05 01 chun na hoibleagáidí airgeadais a chumhdach a eascraíonn as na Prótacail lena gcuirtear chun feidhme na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) atá le tabhairt i gcrích le Rialtas Oileáin Cook (2025-2032), agus chun gabhálacha breise a rinneadh in 2024 a chumhdach mar a leagtar amach sa CCII ábhartha agus sna Prótacail Cur Chun Feidhme le haghaidh Phoblacht na Séiséal agus Poblacht Mhadagascar.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**08 05 01 - Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha**

### b) Figiúirí an 07/10/2025

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 90 590 000,00 | 93 655 000,00 |
| 2 Aistrithe | 18 861 857,00 | 18 361 857,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 109 451 857,00 | 112 016 857,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 109 451 857,00 | 35 426 857,00 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **0,00** | **76 590 000,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **1 161 000,00** | **866 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas go dtí deireadh na bliana (5+6)** | **1 161 000,00** | **77 456 000,00** |
| 8 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 1,28 % | 0,92 % |
| 9 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 07/10/2025 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe don mhéadú

Is gá an líne oibríochtúil a mhéadú faoi EUR 1,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 0,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun oibleagáidí airgeadais 2025 a chomhlíonadh a eascraíonn as an bPrótacal Cur Chun Feidhme nua a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032), agus chun gabhálacha breise a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2024 a chumhdach mar a leagtar amach sa CCII ábhartha agus sa Phrótacal le haghaidh Phoblacht na Séiséal agus Phoblacht Mhadagascar.

An prótacal 3 bliana a bhí ann roimhe sin le Rialtas Oileáin Cook, chuaigh sé in éag an 16 Nollaig 2024. Ar bhonn an Chinnidh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht, rinne an Coimisiún an chaibidlíocht, agus tugadh prótacal nua i gcrích an 20 Meitheamh 2025. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 7 mbliana ó dháta an tsínithe agus óna chur i bhfeidhm sealadach.

Tar éis thogra COM(2025) 512 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2025, tá coinne leis go dtiocfaidh an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an bPrótacal a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach i mí na Samhna 2025, agus tá sé beartaithe go síneofar é faoi thús mhí na Nollag. EUR 0,5 milliún atá sa ranníocaíocht airgeadais bhliantúil. Tá an chéad íocaíocht rochtana (EUR 0,2 milliún) dlite laistigh de 90 lá tar éis theacht i bhfeidhm sealadach an Phrótacail, agus tá an chéad íocaíocht earnála (EUR 0,3 milliún) beartaithe do 2026.

Ina theannta sin, iarrtar EUR 0,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon chun gabhálacha breise a rinneadh in 2024 a mhaoiniú i gcomhréir le forálacha

ábhartha na bPrótacal Cur Chun Feidhme a tugadh i gcrích le Poblacht na Séiséal agus le Poblacht Mhadagascar.

## ANNEX

**Transfers from the reserves for operational expenditure - Differentiated Appropriations on 07/10/2025**

| Transfer Ref | Submission date | Content | Commitment Appropriations (in EUR) | Payment Appropriations (in EUR) |
|---|---|---|---|---|
| | | **Voted budget** | **163 415 723,00** | **3 144 741 723,00** |
| | | *of which SFPAs* | *59 970 000,00* | *41 620 000,00* |
| | | **Total already released** | **95 605 857,00** | **3 095 105 857,00** |
| | | *of which SFPAs* | *18 861 857,00* | *18 361 857,00* |
| | | **Total available for release** | **67 809 866,00** | **49 635 866,00** |
| | | *of which SFPAs* | *41 108 143,00* | *23 258 143,00* |
| | | | | |
| DEC 19/2025 | *[23-10-2025]* | Mobilisation SFPA for the Government of Cook Islands, the Republic of Seychelles and the Republic of Madagascar | **1 161 000,00** | **866 000,00** |
| | | **Remainder** | **66 648 866,00** | **48 769 866,00** |
| | | *of which SFPAs* | *39 947 143,00* | *22 392 143,00* |